

## SELECTION PROCEDURE

### **NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN**

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Bunóidh AACC Coiste Roghnúcháin. Foilseofar ainm na gcomhaltaí ar Shuíomh Gréasáin ERA;
2. Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin na hiarratais arna gcur isteach a sheiceáil i gcomórtas leis na coinníollacha sonracha a leagtar amach sa rannán 'Critéir incháilitheachta' den Ghlaó ar Iarratais;
3. Déanfar iarratais ina gcomhlíontar na coinníollacha sin a mheasúnú agus a scóráil ansin i gcomórtas leis na critéir roghnúcháin a leagtar amach sa rannán 'Critéir roghnúcháin' den Ghlaó ar Iarratais;
4. I dtaca le gach ceann de na réimsí, ní chuirfear san áireamh ach na hiarrthóirí sin a ghnóthaíonn (see **section III -Selection Criteria of the Call**) ar a laghad de na pointí iomlána arna mbronnadh le haghaidh na gcritéir roghnúcháin. Ón liosta seo agus maidir le gach réimse, tiomsaíonn an Coiste Roghnúcháin gearrliosta de na hiarrthóirí a bhfuil na scóir is airde acu, a n-iarrfar orthu dul faoi agallamh agus triail scríofa;
5. Is i mBéarla a dhéanfar gach agallamh agus an triail scríofa. Más é Béarla do mháthairtheanga, scrúdófar an dara teanga a shonraítear san fhoirm iarratais;
6. Is mar seo a leanas a chinntear na scóir i leith na n-agallamh agus na trialach scríofa:  
**section IV – Interview and written test of the Call**
7. Ag teacht sna sála ar thorthaí na n-agallamh agus na trialach scríofa, i gcás na 3 réimse, cuirfear an chéad iarrthóirí ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha. Molfaidh an Coiste Roghnúcháin liostaí de na hiarrthóirí oiriúnacha in ord rangaithe do AACC lena gcur ar na 3 liosta ionadaithe. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann áit ar na liostaí sin agus tairiscint fostaíochta;
8. Beidh na 3 liosta ionadaithe bailí go dtí an – **see section V – Summary of the Call.** D'fhéadfaí síneadh ama a chur leis sin trí chinneadh ó AACC;
9. Féadfar na 3 liosta ionadaithe arna mbunú trí nósanna imeachta roghnúcháin seachtracha a chomhroinnt le Gníomhaireachtaí eile AE;
10. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 210, Teideal II, Airt. 2(2) ón mBord Bainistíochta, féadfaidh an Gníomhaireacht, i gcásanna eisceachtúla, conradh fostaíochta le haghaidh post comhchosúil mar Ghníomhaire ar Conradh a thairiscint d'iarrthóirí rathúil atá ar liosta ionadaithe i gcomhair post mar Ghníomhaire Sealadach;
11. Is féidir go gceanglófar ar iarrthóirí atá ar na liostaí ionadaithe dul faoi agallamh leis an Stiúrtóir Feidhmiúcháin;
12. Sula dtairgfear conradh fostaíochta dóibh, ceanglófar ar iarrthóirí a cheapfar gach doiciméad ábhartha lena gcruthaítear cúlra oideachais agus taithí ghairmiúil a chur isteach;
13. Sula gcheapfar gníomhaire sealadach, scrúdóidh AACC an bhfuil aon leas pearsanta ag an iarrthóir a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas, nó aon choibhneacht leasa eile. Ní mór don iarrthóir aon choibhneacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chur in iúl do AACC trí fhoirm shonrach a úsáid. Déanfaidh AACC aon bheart cuí, más gá;
14. Cuireann an Gníomhaireacht rialacha an-dochotha i bhfeidhm maidir le coimhlint leasa. Tá rialacha sonracha maidir le choibhneacht leasa is infheidhme i ndáil le baill foirne arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta de bharr chineál speisialta agus sainiúil na hoibre a dhéanann ERA. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar [Chinneadh Uimh 199](#) ón mBord Bainistíochta lena nGlactar leis an gCreat i ndáil le Dea-Iompar Riaracháin an 6 Meitheamh 2019 agus a larscríbhinn. Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú ina bhfoirm iarratais go bhfuil siad toilteanach cloí leis na rialacha seo;
15. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gCoiste Roghnóireachta i gcás ar bith, go díreach ná go hindíreach, maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Coimeádan AACC an ceart aige féin aon iarrthóir a dhéanfaidh neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.